



bláth



duilleog



crann



spéaclaí
gréine

An Fiosraitheoir

TASC 1:

Cad é an rud is fearr leat féin faoin samhradh?

TASC 2:

Caitheann daoine spéaclaí gréine sa samhradh. Ainmnigh 5 rud eile a chaitheann daoine sa samhradh.



TAISCE TUISCEANA



An Samhradh

3 An Samhradh

An Samhradh

Is breá le gach duine an samhradh. Bíonn an aimsir an-mhaith ar fad. Bíonn an ghrian ag soilsiú go leor den am. Fásann na **bláthanna** agus fásann **duilleoga** ar na **crainn** sa samhradh. Ní bhíonn duine ar bith ar scoil mar bíonn na scoileanna dúnta.

Is maith le daoine dul chuig an trá sa samhradh freisin. Bíonn siad ag súgradh ar an trá agus ag snámh san fharraige.

Uaireanta bíonn an ghrian an-te agus caithfimid bheith an-chúramach. Tá sé tábhachtach **spéaclaí gréine** a chaitheamh mar is féidir leis an ngrian dochar a dhéanamh do na súile.



Ceisteanna

- 1. Cé acu atá fíor?**
 - (a) Is fuath le daoine an samhradh
 - (b) Ní maith le daoine an samhradh
 - (c) Is maith le daoine an samhradh
- 2. Conas a bhíonn an aimsir sa samhradh?**
 - (a) Fuar
 - (b) Grianmhar
 - (c) Scamallach
- 3. Cad a tharlaíonn do na bláthanna sa samhradh?**
 - (a) Fásann siad
 - (b) Faigheann siad bás
 - (c) Titeann na duilleoga
- 4. Cén fáth nach mbíonn páistí ar scoil sa samhradh?**
 - (a) Bíonn an aimsir róthe le dul ar scoil
 - (b) Ní maith leo dul ar scoil
 - (c) Ní bhíonn na scoileanna oscailte
- 5. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach spéaclaí gréine a chaitheamh?**
 - (a) Tá siad deas
 - (b) Cuidíonn siad leat snámh
 - (c) Níl an ghrian maith do na súile
- 6. Cad é príomhábhar an scéil seo?**
 - (a) An trá
 - (b) An samhradh
 - (c) An ghrian

